Leabhar Power!
3 – 17 Márta 2008

Don ceathrú bhliain, tá Leabhar Power ag cur saibhreas leabhair na Gaeilge chun cinn le linn Seachtain na Gaeilge le sraith ócáidí agus feachtais bolscaireachta.

Le cúnamh ó scoth udair na Gaeilge, tá eachtraí speisialta á reachtáil i siopaí leabhair ó bhun go bárr na tíre, a mhusclóidh suim na bpáistí agus a spreagfaidh iad chun dul amach agus an leabhar sin a léamh!

Léifidh údair cosúil le Gabriel Rosenstock, Aoife Ní Ghuairim agus Tadhg Mac Dhonnagáin sliocht óna gcuid leabhair do pháistí i mBaile Atha Cliath agus i gcathar na Gaillimhe, Co Aontroma, Co Chiarraí agus go leor áiteanna eile ar fud na tíre. Saolófar carachtar na leabhar ag na hócáidí seo agus cothófar atmaisféar speisialta sna siopaí dóibh siúd a fhreastalaíonn orthu.

Mar bhónas breise ag na heachtraí seo, gheobhaidh na páistí go léir málaí Leabhar Power le balúin, marcanna leabhar maignéideacha, agus sticéirí áile chun cur i gcuimhne dóibh dul amach agus leabhair Gaeilge a cheannacht. Bígí ag faire amach do liosta iomlán na himeachtaí bríomhara seo i bhúr gceantair áitiúla, ar fáil in eagrán an Daily Star de SULT.

An bhliain seo caite bhí muid ag cur ar dhaoine dul amach agus leabhar Gaeilge a cheannacht chun an Leabhar Power a cheannsú! I mbliana táimís ag iarraidh teachtaireacht a chur amach go dtí teaghlaigh ar fud na tire – teaghlaigh áit nach í an Ghaeilge céad teanga an tí freisin:

An bhfuil bhúr Leabhar Power agaibh?

Téir ag cuardú sna seilfeanna leabhar! An bhfuil dóthain leabhar Gaeilge agaibh? Bhfuil mórán leabhar úrnua ó 2008 agaibh? Cé mhéid dúrúndúnmharaithe? Leabhair grá? Leabhar grinn? Drámaí nua? Leabhair filíochta?

Cuirfear béim ar scríobhnóireacht úr-nua na Gaeilge - do dhaoine fásta chomh maith le páistí – i gcatalóg léitheoireachta Leabhar Power. Lastigh dos na leabharáin bheaga seo tabharfar eolas luachmhar agus léiriú suas chun dáta ar scríobhnóireacht na Gaeilge. Tá siad siúd le fáil anois i siopaí leabhair agus leabharlainne na tíre.

Agus i mbliana…
gheobhaidh gach uile dhuine a cheannaíonn leabhar Gaeilge i siopaí speisialta Leabhar Power, mála álainn canbhás chun é a iompar abhaile!

Tá réimse scríobhnóireachta na Gaeilge le feiceáil sna siopaí leabhair agus sna leabharlainne ag fás i gcónaí agus tá leabhair feiliúnacha á scríobh ag udair cumasacha is cuma cén léibhéal atá agat. Mar sin….

An bhfuil do chuid Leabhar Power agat?

Bain trial as, ceannaigh leabhar Gaeilge agus tapaigh fuinneamh na leabhar!

Is feachtas bolscaireachta é Leabhar Power atá á eagrú ag Bord na Leabhar Gaeilge,Foras na Gaeilge, CLÉ - Cumann Leabharfhoilsitheoirí Éireann, An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council, agus ÁIS.

Le tuilleadh eolas a fháil téir i dteangbháil le:

Suíomh: www.leabharpower.com

Elly Shaw, Bainisteoir Imeachtaí
Teil: 085 7889472
Rphost: eolas@leabharpower.com

Dean teagmháil le CLÉ Cumann Leabharfhoilsitheoirí Éireann le heolas a fháil faoin bhfeachtas:

Teil: 051 447945
Rphost: projects@publishingireland.com